



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Aibreán 2022
(OR. en)

8071/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0112 (NLE)

ECOFIN 324
CADREFIN 49
UEM 58
FIN 423

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	7 Aibreán 2022
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 172 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir a fhorghnó

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 172 final.

Faoi iamh: COM(2022) 172 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.4.2022
COM(2022) 172 final

2022/0112 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir a
fhormheas**

{SWD(2022) 106 final}

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir a fhorbairt

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bhí tionchar suaiteach ag ráig COVID-19 ar gheilleagar na Bulgáire. In 2019, ba ionann olltáirgeacht intíre (OTI) per capita na Bulgáire agus 28 % de mheán an Aontais. Tháinig laghdú 4.4 % ar fhíor-OTI na Bulgáire in 2020 agus tháinig méadú 0.4 % air go carnach in 2020 agus 2021. Tá an leibhéal bochtaineachta agus neamhionannais ioncaim sa Bhulgáir ar cheann de na leibhéil is airde san Aontas Eorpach agus tá a córas sláinte fós lag, córas a bhfuil rochtain teoranta ar sheirbhísí cúraim sláinte mar shaintréithe aici. Is í an Bhulgáir an geilleagar is déine ar charbón agus ar fhuinneamh san Aontas. Tá sí ag brath go mór ar ghual agus ar lignít, in ainneoin go bhfuil acmhainneacht ollmhór ann ó thaobh fuinnimh in-athnuaite de agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, go háirithe i gcás stoc na bhfoirgneamh. Maidir le timpeallacht fhabhrach ghnó a chothú, is dúshlán lárnacha fós iad feabhas a chur ar cháilíocht na n-institiúidí agus an t-éilliú a chomhrac. Na ganntanais saothair agus scileanna, chomh maith leis an neamhréir scileanna i gcodarsnacht le riachtanais mhargadh an tsaothair, is bacainn shuntasach ar infheistíocht ghnó iad sin agus cuireann siad teorainn le gnóthachain táirgiúlachta. Tá an glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha mall san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Tá an Bhulgáir ar an tír is measa san Aontas ó thaobh scileanna digiteacha de.
- (2) An 9 Iúil 2019 agus an 20 Iúil 2020, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Bulgáire i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle don Bhulgáir na bearta uile is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an bpaindéim, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh a thiocthaí as sin, agus chun beartais fhioscacha a shaothrú atá dírithe ar riochtaí fioscacha stuama a bhaint amach sa mheántearma agus inbhuanaitheacht an fhiachais a

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17-75.

áirithiú, agus feabhas á chur ar an infheistíocht ag an am céanna. Maidir leis an airgeadas poiblí freisin, mhol an Chomhairle bailiú cánach a fheabhsú trí bhearta spriocdhírthe i réimsí amhail cánacha breosla agus saothair agus rialachas corparáideach na bhfiontar atá faoi úinéireacht an stáit a uasghrádú. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle don Bhulgáir cobhsaíocht earnáil na baincéireachta a áirithiú trí mhaoirseacht a threisiú agus luacháil sócmhainní leormhaith a chur chun cinn. Maidir leis an earnáil neamhbhaincéireachta, moladh maoirseacht éifeachtach agus forfheidhmiú an chreata frithsciúrtha airgid agus feidhmiú éifeachtach an chreata dócmhainneachta a áirithiú. Thairis sin, moladh cáilíocht agus éifeachtacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú, an t-ualach riaracháin a íoslaghdú agus rialtas digiteach a threisiú. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle don Bhulgáir athléimneacht, inrochtaineacht agus cumas an chórais sláinte a neartú, dáileadh geografach cothrom oibrithe sláinte a áirithiú, agus rochtain ar sheirbhísí sláinte a fheabhsú, lena n-áirítear trí íocaíochtaí neamh-in-aisíochta a laghdú agus trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais na ngairmithe sláinte. Is iad na moltaí atá go háirithe ábhartha i gcás na ndúshlán sóisialta na moltaí chun feabhas a chur ar cháilíocht, cuimsiú agus ábharthacht an oideachais agus na hoiliúna i leith mhargadh an tsaothair, go háirithe i gcás na Romach agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste, chun beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair a neartú, chun an infhostaitheacht a neartú trí scileanna a threisiú, lena n-áirítear scileanna digiteacha, agus chun aghaidh a thabhairt ar chuimsiú sóisialta trí rochtain níos fearr ar sheirbhísí comhtháite fostaíochta agus sóisialta a sholáthar agus trí thacaíocht ioncaim íosta níos éifeachtaí. Chun dul i ngleic leis géarchéim COVID-19, moladh don Bhulgáir feabhas a chur ar an rochtain ar chianobair, agus scileanna digiteacha agus rochtain chothrom ar an oideachas a chur chun cinn. Thairis sin, mhol an Chomhairle don Bhulgáir tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus do dhaoine féinfhostaithe, agus a áirithiú go mbeidh rochtain leanúnach acu ar mhaoiniú agus ar shocrúithe solúbtha íocaíochta, agus mhol sé tionscadail infheistíochta poiblí aibí a thús-ualú agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun an téarnamh eacnamaíoch a chothú. Moladh infheistíochtaí a dhíriú ar an aistriú dubailte éiceolaíoch agus digiteach, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh agus acmhainní atá glan agus éifeachtúil, ar bhonneagar comhshaoil agus ar iompar inbhuanaithe, rud rannchuideodh le dícharbónú forásach an gheilleagair, lena n-áirítear i réigiúin an ghuaill. Mhol an Chomhairle freisin beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar thaighde agus nuálaíocht, ar iompar, go háirithe ar a inbhuanaitheacht, ar bhonneagar uisce, dramhaíola agus fuinnimh agus ar éifeachtúlacht fuinnimh, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh, agus mhol sé feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na moltaí tír-shonracha sin a chur chun feidhme tráth a cuireadh an plean téarnaimh agus athléimneachta (an 'plean') isteach, measann an Coimisiún go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir leis na moltaí i dtaca le cobhsaíocht na hearnála baincéireachta a áirithiú trí mhaoirseacht a threisiú, tríd an earnáil airgeadais neamhbhaincéireachta a neartú trí mhaoirseacht bunaithe ar riosca a fhorfheidhmiú go héifeachtach, trí fhreagairt láithreach beartais fhioscaigh a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an bpaindéim, tríd an ngeilleagar a chothú agus trí thacú leis an téarnamh a thagann as sin, agus an moladh chun na nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a luathú chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt do FBManna agus do dhaoine féinfhostaithe. Rinneadh dul chun cinn áirithe maidir leis an moladh chun feabhas a chur ar an gcóras bailithe

cánach agus tá roinnt tionscadal beartaithe faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun tacú le tuilleadh dul chun cinn sa réimse sin.

- (3) An 15 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Bhulgáir a plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. Lean an aighneacht sin próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Tá úinéireacht náisiúnta ar na pleananna mar bhonn taca lena gcur chun feidhme rathúil agus lena dtionchar marthanach ar an leibhéal náisiúnta agus ar chreidiúnacht ar an leibhéal Eorpach. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (4) Ba cheart cuspóirí ginearálta na Saoráide um Théarnamh agus Athléimneacht a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 (an ‘tSaoráid’) agus cuspóirí ginearálta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna bunú le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle a shaothrú leis na pleananna chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19. Ba cheart dóibh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí rannchuidiú leis na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.
- (5) Beidh cur chun feidhme phleananna na mBallstát ina iarracht chomhordaithe lena ndéanfar athchóirithe agus infheistíochtaí ar fud an Aontais. Trí chur chun feidhme comhordaithe agus comhuaineach agus trí chur chun feidhme tionscadal trasteorann agus ilnáisiúnta, déanfaidh na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí sin a chéile a atreisiú go frithpháirteach agus beidh iarmhairtí dearfacha acu ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, tiocfaidh thart ar aon trian de thionchar na Saoráide ar fhás agus ar chruthú post na mBallstát as iarmhairtí ó Bhallstáit eile.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

- (6) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshlán shonracha atá os comhair na Bulgáire agus an leithdháileadh airgeadais don Bhulgáir á gcur san áireamh.
- (7) Áirítear sa phlean bearta a chuireann le gach ceann de na sé cholún, agus tugtar aghaidh ar cholúin éagsúla le beagnach gach ceann dá chomhchodanna. Cuidíonn an cur chuige sin lena áirithiú go dtugtar aghaidh ar gach colún go cuimsitheach agus ar bhealach comhleanúnach.
- (8) Áirítear sa phlean bearta tábhachtacha chun dlús a chur leis an aistriú dubailte éiceolaíoch agus digiteach. I réimse na gníomhaíochta ar son na haeráide agus an aistrithe fuinnimh, tá iarrachtaí suntasacha dírithe ar chur i bhfeidhm ghiniúint agus stóráil fuinnimh in-athnuaite a luathú agus a éascú, astaíochtaí gás ceaptha teasa in earnáil na cumhachta a laghdú faoina leath, beagnach, na margai mórdhiola agus miondiola leictreachais a léirscaoileadh, agus athchóiriú stoc na bhfoirgneamh a

fheabhsú d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Tá infheistíochtaí agus athchóirithe suntasacha dírithe freisin ar shoghluaisteacht íseal-astaíochtaí a chur chun cinn agus ar mhodhanna iompair nach bhfuil chomh truaillithe céanna a úsáid, go háirithe iompar iarnróid. Ina theannta sin, tá fócas láidir ar chlaohlú digiteach gheilleagar agus shochaí na Bulgáire, agus tá bearta ann chun tacú le sealbhú scileanna digiteacha ar fud an daonra, le digitíú gnólachtaí, le riarachán poiblí, lena n-áirítear na breithiúna, chomh maith le feabhas a chur ar nascacht agus ar úsáid leathanbhanda i gceantair iargúlta agus i gceantair inar tearc an daonra. Cuireann infheistíochtaí i réimsí amhail acmhainní stórála cumhachta, digitíú agus inbhuanaitheacht an iompair iarnróid, agus bainistiú cliste uisce go mór leis na cuspóirí éiceolaíoch agus na cuspóirí digiteacha.

- (9) Tá coinne leis go rannchuideoidh roinnt chomhchodanna den phlean leis an gcolún maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus tá réimse leathan beart ann arb é is aidhm dóibh an t-iomaíochas a neartú agus taighde agus forbairt a fheabhsú. Tá infheistíochtaí sa phlean chun tacú le gnólachtaí, go háirithe le FBManna trí dheontais agus ionstraimí airgeadais atá dírithe ar an digitíú, ar an ngeilleagar ciorclach, agus ar úsáid foinsí in-athnuaite le haghaidh tomhaltas dílis a chur chun cinn ionas go mbeidh gnólachtaí in ann déileáil leis an aistriú fuinnimh. Cuidíonn bearta sa phlean freisin le dálaí fabhracha a chruthú d'infheistíochtaí i bpáirceanna agus i gcriosanna tionsclaíocha agus chun tacú le hearnáil an chultúir agus le hearnáil na cruthaitheachta. Thairis sin, ba cheart tacú le feabhas a chur ar éiceachóras an taighde agus na nuálaíochta leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí, agus ar an gcaoi sin, aschur nuálaíochta na Bulgáire a mhéadú, rud a chothóidh aistriú teicneolaíochta agus tráchtálú torthaí taighde, ar cheart dóibh a fás eacnamaíoch a spreagadh ar bhonn marthanach. Díritear go láidir sa phlean ar dhícharbónú na hearnála fuinnimh, ar thalmhaíocht inbhuanaithe, ar shoghluaisteacht inbhuanaithe (iarnród agus iompar poiblí), ar nuachóiriú an chórais agus an bhonneagair oideachais, ar nuachóiriú sholáthar an chúraim sláinte agus ar tacaíocht do dhí-institiúidiú an chúraim. Tá sé mar aidhm ag an bplean freisin an timpeallacht ghnó agus an smacht reachta a threisiú le bearta lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna éillithe amhail institiúidí frith-éillithe athchóirithe, reachtaíocht nua maidir le brústocaireacht agus maidir le sceithirí a chosaint, athchóirithe ar an gcóras breithiúnach chun éifeachtacht imscrúduithe coiriúla a áirithiú, lena n-áirítear cuntasacht agus dliteanas coiriúil an Ionchúisitheora Ghinearálta, athchóirithe chun an próiseas reachtach a fheabhsú, athchóirithe maidir le soláthar poiblí chun úsáid nósanna imeachta neamhthrédhearcacha a laghdú, athchóiriú ar chreat rialachais na bhfiontar atá faoi úinéireacht stáit, agus athchóiriú ar imeachtaí dócmhainneachta agus ar imeachtaí athstruchtúraithe a fheabhsú.
- (10) Áirítear sa cholún maidir le hathléimneacht sláinte, eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach bearta a mheastar a rannchuideoidh le feabhas a chur ar rochtain ar oideachas, ar fhoghlaím ar feadh an tsaoil agus ar chúram sláinte, agus ar an gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Áirítear ar na bearta ábhartha i réimse an oideachais agus na hoiliúna bearta lena gcuirfear feabhas ar ábharthacht an ardoideachais, agus é mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar ghanntanais i margadh an tsaothair agus taighde a chur chun cinn, agus ardán don fhoghlaím ar feadh an tsaoil a fhorbairt. Áirítear freisin ar na bearta ábhartha i réimse an chúraim sláinte straitéis náisiúnta nua a ghlacadh maidir leis an tsláinte, an Córas Náisiúnta Faisnéise Sláinte a chur chun feidhme, agus líonra aonad othar seachtrach a bhunú, agus tacaítear leis sin trí athchóiriú lena ndíritear ar dháileadh neamhchothrom na ngairmithe leighis. Chun cuimsiú sóisialta a chothú, cumhdaíonn an phlean athchóiriú chun cumhdach agus leordhóthanacht na

scéime ioncaim íosta agus na mbeart i réimse na seirbhísí sóisialta a fheabhsú, lena n-áirítear cúram fadtéarmach. Maidir le comhtháthú sóisialta agus críochach, tá coinne leis go gcuideoidh an tacaíocht do thabhairt isteach leathanbhanda i gceantair thuaithe agus iargúlta lena áirithiú go mbeidh rochtain ag gach saoránach ar nascacht ardluais, agus tá coinne leis go gcothófar comhtháthú sóisialta trí athchóiriú a dhéanamh ar an scéim ioncaim íosta, rud a rachaidh chun tairbhe do dhaoine fásta agus do leanaí, trí infheistíocht sa gheilleagar sóisialta, trí nuachóiriú na seirbhísí sóisialta agus fostaíochta agus trí sholáthar seirbhísí teilileighis agus ríomhrialtais i gceantair iargúlta trí líonra poist na tíre a úsáid ar bhealaí nua. Tá coinne leis go gcuirfidh plean na Bulgáire le beartais don chéad ghlúin eile agus go mbeidh bearta ann amhail cuimsiú éigeantach daoine ceithre bliana d'aois in oideachas réamh-bhunscoile agus nuachóiriú agus tógáil bonneagair oideachais, lena n-áirítear náiscoilleana agus saotharlanna scoile, agus ionaid óige a bhunú ar fud na tíre.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

- (11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an mBulgáir, lena n-áirítear gnéithe fíoscacha díobh nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.
- (12) Áirítear sa phlean sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisiúnn a chéile agus a rannchuidiú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle chuig an mBulgáir sa Seimeastar Eorpach in 2019 agus in 2020, go háirithe sna réimsí seo: cuimsiú sóisialta, oideachas agus scileanna, cúram sláinte, dícharbónú, aistriú digiteach agus timpeallacht an ghnó.
- (13) Áirítear sa phlean príomh-athchóirithe struchtúracha agus infheistíochtaí lena dtugtar aghaidh ar mholtaí seanbhunaithe maidir le timpeallacht an ghnó agus lena gcuirtear feabhas ar an gcreat institiúideach. Go háirithe, tá coinne leis go gcuirfidh an t-athchóiriú ar an gcreat dócmhainneachta le córas níos éifeachtaí agus níos solúbtha maidir le hathstruchtúru gnólachtaí, agus ba cheart go rannchuideoidh an feabhas a chuirfead ar rialachas fiontar atá faoi úinéireacht stáit agus an t-athchóiriú ar na nósanna imeachta soláthair phoiblí le leithdháileadh acmhainní poiblí a bheith níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla. Na hathchóirithe a áirítear sa phlean, tacaíonn siad le creat institiúideach níos láidre, lena n-áirítear trí fheabhsuithe ar acmhainneacht agus ar fheidhmiú an chreata frithéillithe, athchóirithe breithiúnacha chun éifeachtacht imscrúduithe coiriúla a áirithiú, lena n-áirítear cuntasacht agus dliteanas coiriúil an Ard-Ionchúisitheora, chomh maith le cur chun feidhme feabhsaithe an chreata frithsciúrtha airgid. I measc na mbeart eile lena dtacaítear le feabhas a chur ar thimpeallacht an ghnó, tá an próiseas reachtach a athchóiriú d'fhonn a cháiliúocht agus a intuarthacht a mhéadú agus gníomhaíochtaí brústocaireachta a rialáil i gcomhthéacs na cinnteoireachta poiblí. Áirítear sa phlean freisin sraith athchóirithe agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a íoslaghdú trí fheabhas a chur ar éifeachtacht an riaracháin phoiblí agus ríomhsheirbhísí rialtais a

threisiú, lena n-áirítear tríd an gcóras ceartais a dhigiteáil agus trí thuilleadh seirbhísí poiblí digiteacha a sholáthar i gceantair thuaithe agus iargúlta freisin.

- (14) Leis an bpacáiste cuimsitheach d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí sa phlean, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann le hearnálacha fuinnimh agus iompair na Bulgáire mar a sainithníodh iad sna moltaí ón gComhairle. Go háirithe, tá coinne leis go gcuirfidh na bearta a áirítear sa phlean dlús le húsáid foinsí agus stóráil fuinnimh in-athnuaite agus go laghdófar leo go suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa ó tháirgeadh cumhachta, rud a chuirfidh le dícharbónú forchéimnitheach an gheilleagair, lena n-áirítear sna réigiúin ghuaile. Áirítear sa phlean freisin athchóirithe tábhachtacha arb é is aidhm dóibh margadh iomaíoch mórdhíola agus margaí iomaíocha miondíola a bhunú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an rochtain atá ag fuinneamh in-athnuaite ar an margadh, agus feabhas a chur ar rialachas corparáideach in earnáil an fhuinnimh. Maidir le hiompar inbhuanaithe a chothú, áirítear sa phlean athchóiriú leictrea-shoghluaisteacht, arb é is aidhm dó úsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, amhail pointí luchtaithe poiblí a mhéadú, agus saincheantair astaíochtaí ísle a thabhairt isteach i roinnt de na cathracha ceantair is mó agus is truailithe. Áirítear sa phlean freisin athchóiriú ar an gcóras iompair phoiblí agus córas ticéid aonair don iompar poiblí a thabhairt isteach, agus infheistíochtaí i ndigiteáil agus nuachóiriú iarnróid, lena n-áirítear rothstoc astaíochtaí nialasacha a fháil.
- (15) Tá coinne leis go rannchuideoidh athchóiriú ar an scéim ioncaim íosta, arb é is aidhm dó a leordhóthanacht agus a cumhdach a mhéadú, le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainithníodh i ndáil le cuimsiú sóisialta. Ina theannta sin, tá coinne leis freisin go gcuirfidh an plean feabhas ar rochtain ar oideachas agus ar fhoghlaim aosach agus go gcuirfidh sé chun cinn cuimsiú sóisialta trí athchóirithe agus infheistíochtaí lena n-áirítear oideachas réamhscoile éigeantach ó aois a ceathair, tógáil agus athchóiriú saoráidí oideachais agus forbairt ardáin ar líne le haghaidh foghlaim aosach atá nasctha leis na seirbhísí poiblí fostaíochta. Maidir le cúram sláinte, tá coinne leis go rannchuideoidh na bearta sa phlean le haghaidh a thabhairt ar na ganntanais i líon na ngairmithe cúraim sláinte, lena n-áirítear a ndáileadh geografach neamhchothrom, le hinfhaighteacht seirbhísí cúraim sláinte ar fud chríoch na tíre trí aonaid othar seachtrach a mhéadú, le seirbhísí teilileighis a fheabhsú agus le seirbhís aerárthaigh othar a bhunú, rud a neartóidh inrochtaineacht agus athléimneacht an chórais cúraim sláinte. Mar sin féin, ní thugtar aghaidh sa phlean ar an leibhéal ard íocaíochtaí neamh-in-aisíochta.
- (16) Áirítear sa phlean bearta atá dírithe ar infhaighteacht bonneagar digiteach a mhéadú, ar rochtain ar chianobair agus ar scileanna digiteacha a fheabhsú, lena dtacaítear leis an aistriú digiteach, go háirithe trí bhearta maidir le bonneagar digiteach a chur in úsáid ar an mórscála, seirbhísí riaracháin a dhigiteáil agus rialachán athbhreithnithe maidir le cianobair. Cuireann an plean ábharthacht scileanna agus foghlaim aosach chun cinn freisin, trí dhíriú ar scileanna digiteacha. Thairis sin, tugann an plean aghaidh ar an moladh go gcothófaí infheistíochtaí san aistriú glas agus san aistriú digiteach trí phacáiste cuimsitheach athchóirithe agus infheistíochtaí. Chomh maith leis na bearta lena ndírítear ar an aistriú chuig cleachtais ghnó le haghaidh FBManna, cleachtais atá glas, ciorclach agus dírithe ar an teicneolaíocht dhigiteach, áirítear sa phlean bearta lena ndírítear ar éiceachóras an taighde agus na nuálaíochta a athstruchtúrú agus a fhorbairt tuilleadh agus lena bhfeabhsaítear aschur nuálaíochta na Bulgáire a fheabhsú, agus béim ar leith á leagan ar réimse na dteicneolaíochtaí glasa agus digiteacha. Tá

coinne leis go rannchuideoidh an plean le hiomaíochas agus forbairt inbhuanaithe réigiúin na tíre agus leis an bhforbairt áitiúil. Áirítear leis sin athchóiriú ar bhainistiú na n-earnálacha uisce agus talmhaíochta chomh maith le tógáil nó athchóiriú an chórais soláthair uisce agus an chórais séarachais. Thairis sin, ba cheart forbairt áitiúil a chur chun cinn trí chur chuige nua maidir leis an mbeartas réigiúnach agus trí athchóirithe tiomnaithe a mheastar a chothóidh rannpháirtíocht dhíreach na bpobal áitiúil i mbainistiú chistí an Aontais.

- (17) Is féidir a mheas go bhfuil na moltaí a bhaineann le freagairt láithreach an bheartais fhioscaigh don phaindéim lasmuigh de raon feidhme Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na Bulgáire, d'ainneoin gur thug an Bhulgáir freagra leormhaith agus leordhóthanach go ginearálta ar an ngá láithreach atá ann tacú leis an ngeilleagar trí mheáin fhioscacha in 2020 agus 2021, i gcomhréir le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocráithe Cobhsaíochta agus Fáis.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

- (18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Bulgáire a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.
- (19) Léirítear in ionsamhlúcháin a rinne ranna an Choimisiúin go bhféadfadh an plean, in éineacht leis an gcuid eile de bhearta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, OTI na Bulgáire a mhéadú 1.9 % go 3 % faoi 2026, gan an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag athchóirithe struchtúracha a chur san áireamh, tionchar a d'fhéadfadh a bheith suntasach. Tá coinne leis go n-eascróidh na héifeachtaí dearfacha is suntasaí ar fhás agus ar tháirgiúlacht sa mheántearma nó san fhadtearma as infheistíochtaí i ndíchcarbónú an gheilleagair, lena n-áirítear giniúint agus stóráil fuinnimh in-athnuaite a úsáid agus éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe, agus ó infheistíochtaí a thacaíonn le gnólachtaí agus ó bhearta lena bhfuil coinne leis go meallfaidh siad infheistíocht thionsclaíoch agus go bhforbrófar leo éiceachórais thionsclaíocha.
- (20) Leis an sraith athchóirithe agus infheistíochtaí a chuireann an Bhulgáir i láthair, tá coinne leis go spreagfar fás agus go méadófar athléimneacht an gheilleagair trí aghaidh a thabhairt ar easnaimh struchtúracha thábhachtacha agus ar leochaileachtaí seanbhunaithe. Leis na bearta atá san áireamh sa phlean chun feabhas a chur ar thimpeallacht an ghnó, lena n-áirítear tríd an gcreat institiúideach a neartú agus tríd an riarachán poiblí, na breithiúna agus an earnáil tógála a dhigiteáil, meastar go gcruthófar dálaí atá i bhfad níos fabhraí d'infheistíochtaí príobháideacha sa tír. Ina theannta sin, tá coinne leis go gcuirfidh athchóirithe agus infheistíochtaí san oideachas agus i scileanna, sa taighde agus sa nuálaíocht, sa dícharbónú agus sa digiteáil mar aon le tacaíocht do gnólachtaí, go háirithe do FBManna ina n-aistriú glas agus ina n-aistriú digiteach, go suntasach le fás eacnamaíoch agus cruthú post fadtéarmach inbhuanaithe.

- (21) Tá athchóirithe agus infheistíochtaí suntasacha sa phlean chun tacú le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, rud a rannchuidíonn le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ba cheart go maolófaí leochaileachtaí sóisialta tríd an gcóras tacaíochta sóisialta a fheabhsú, go háirithe tríd an scéim ioncaim íosta a athchóiriú agus trí chúram fadtéarmach a nuachóiriú le haghaidh daoine aosta agus daoine faoi mhíchumas. Tá coinne leis go rannchuideoidh na bearta atá beartaithe leis an athléimneacht shóisialta ar shuaití a mhéadú, le neamh-chomhionannais shóisialta a laghdú, agus le deiseanna a chruthú le haghaidh na grúpaí is leochailí chun dul isteach i sa mhargadh saothair. Leis na bearta a bhaineann le hoideachas agus le scileanna, lena n-áirítear scileanna digiteacha, ba cheart go méadófaí an athléimneacht shocheacnamaíoch trí aghaidh a thabhairt ar na bearnaí leanúnacha suntasacha scileanna agus trí infhostaitheacht agus táirgiúlacht an lucht saothair a neartú. Tá coinne leis go dtacóidh bearta i réimse an oideachais le rochtain chomhionann ar oideachas agus ar oiliúint ar ardchaighdeán agus go laghdóidh siad rátaí luathfhágála scoile. Ina theannta sin, tá coinne leis go neartóidh na bearta i réimse na sláinte freagrúlacht agus inrochtaineacht an chúraim sláinte agus go rannchuideoidh siad le feabhas a chur ar dháileadh geografach oibrithe sláinte. Ba cheart go rannchuideodh an plean tuilleadh le héagothromaíochtaí críochacha a laghdú trí athchóirithe a thacóidh le cur chuige críochach ó bhun aníos chomh maith le hinfheistíochtaí i mbonneagar tiomnaithe in earnáil an uisce i réigiúin lasmuigh den phríomhchathair, agus trí infheistíochtaí chun naisc iompair níos fearr a áirithiú i dtuaisceart na tíre. Tá coinne leis freisin go gcuirfear feabhas ar chomhtháthú críochach le hinfheistíochtaí eile in iompar agus i nascacht dhigiteach ar fud na tíre agus le méadú ar infhaighteacht seirbhísí ríomhsheirbhísí rialtais agus seirbhísí riaracháin eile i limistéir iargúlta agus i limistéir faoi líon beag daoine. Ar deireadh, ba cheart go réiteoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtreo dícharbónú an gheilleagair an bealach le haghaidh infheistíochtaí faoin gCiste um Aistriú Cóir chun a áirithiú go dtacófar leis na réigiúin ghuaill tríd an aistriú agus nach bhféadfar aon duine ar lár.
- (22) Áirítear sa phlean idirghabhálacha éagsúla chun rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta trí bheartais do leanaí agus don óige a chur chun cinn. Tá coinne leis go bhfeabhsóidh athchóirithe agus infheistíochtaí rochtain chomhionann ar oideachas ar ardchaighdeán agus go gcuirfidh siad rannpháirtíocht san oideachas luath-óige chun cinn, trí chuimsiú éigeantach leanaí ceithre bliana d'aois in oideachas réamhscoile agus trí fhorbairt phearsanta daoine óga a chur chun cinn, trí ionaid óige a bhunú. Ina theannta sin, díríonn an plean ar nuachóiriú scoileanna, lena n-áirítear trí shaotharlanna eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) a bhunú, lena n-áirithítear oiriúnú leanúnach do dhúshláin reatha foghlama, go háirithe an digiteáil.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

- (23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheoidh leis an bplean nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear san phlean dochar suntasach do chuspóirí

comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² (an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’).

- (24) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 agus leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ arna glacadh ag an gCoimisiún (2021/C 58/01), tá fianaise agus dearbhuithe curtha ar fáil ag an mBulgáir nár cheart go ndéanfaidh na bearta a bhaineann le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean dochar suntasach d’aon cheann de na sé chuspóir chomhshaoil, eadhon maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide, úsáid inbhuanaithe agus cosaint acmhainní uisce agus muirí, an geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar an truailliú, agus cosaint agus athchóiriú na bithéagsúlachta agus éiceachóras. Tugadh aird ar leith ar bhearta ar gá grinnschrúdú gear a dhéanamh ar a dtionchar ar chuspóirí comhshaoil.
- (25) Tá coinne leis go n-áiritheoidh an plean nach ndéanfar aon dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil trí bhearta a roghnú a chuirfidh go mór le cuspóir comhshaoil nó nach bhfuil aon tionchar intuatha acu ar chuspóirí comhshaoil nó nach bhfuil ach tionchar intuatha neamhsuntasach acu ar chuspóirí comhshaoil. Ceapadh bearta eile, lena n-áirítear scéimeanna tacaíochta leathana, chun comhlíonadh an phrionsabail sin a áirithiú. Ba cheart a áirithiú leis na clocha míle nó na spriocanna go mbeidh na ceanglais maidir le comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ cumhdaithe i ndearadh na scéimeanna agus i ndearadh gach céim den chur chun feidhme, lena n-áirítear le linn an phróisis tairisceana, i gcás inarb infheidhme, agus i ngach cás sna haschuir deiridh. Maidir le bearta lena gceanglaítear measúnú substainteach i gcomhréir le treoir theicniúil an Choimisiúin, amhail táirgeadh cumhachta in-athnuaite, soghluaisteacht inbhuanaithe agus athchóiriú foirgneamh, ba cheart clocha míle agus spriocanna sonracha a shuí chun a áirithiú nach ndéanfar aon dochar suntasach d’aon cheann de na sé chuspóir comhshaoil. Mar sin de, ba cheart critéir ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chomhtháthú sna clocha míle a bhaineann leis an bpróiseas roghnúcháin le haghaidh tionscadail ábhartha agus, i gcás inarb infheidhme, ba cheart tagairtí do liosta eisiaimh a chomhtháthú sna clocha míle agus na spriocanna ábhartha.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bithéagsúlacht

- (26) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide méid arb ionann é agus 58.9 % de leithdháileadh iomlán an plean arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an plean comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.
- (27) Ó thaobh an rannchuidithe le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais 2030-2050 agus le cuspóir na neodrachta aeráide faoi 2050, tugann an plean aghaidh ar chuid de na príomhdhúshláin bheartais agus cuidíonn sé leis na cuspóirí sin a bhaint amach,

² Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

agus beidh gá le hiarracht leanúnach chun na cuspóirí sin a bhaint amach ina n-iomláine, go háirithe ós rud é gur ag an mBulgáir atá an déine carbóin is airde san Aontas, is é sin ceithre hoiread mheán an Aontais. Ar na bearta a áirítear i bplean na Bulgáire tá athchóirithe marthanacha agus infheistíochtaí marthanacha a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh siad go héifeachtach leis an aistriú glas. Áirítear leis sin athchóirithe agus infheistíochtaí chun tacú le himscaradh na giniúna fuinnimh in-athnuaite agus na stórála leictreachais ar mhórsála mar aon le tiomantas soiléir deireadh a chur de réir a chéile le giniúint cumhachta guail agus ligníte a luaithe is féidir agus faoi 2038 ar a dhéanaí.

- (28) Ina theannta sin, le hinfeistíocht i mbonneagar an líonra leictreachais arb é is aidhm di an eangach leictreachais a nuachóiriú trí uirlisí agus modhanna digiteacha a chuimsiú, tá coinne leis go leagfar síos an bonn ar a mbainfear níos mó úsáide as leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite agus ar a ndéanfar níos mó comhtháthaithe le tíortha comharsanachta. Leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí atá san áireamh sa phlean, tá coinne leis go soláthrófar 3.5 GW breise de ghiniúint cumhachta in-athnuaite agus saoraidí nua stórála le 6000 MWh d'fhuinneamh inúsáidte. Áirítear sa phlean freisin bearta chun tacú le treoirthionscadail a fhorbairt lena gcumasófar hidrigin ghlas agus bithghás a thabhairt isteach le haghaidh feidhmeanna tionsclaíocha agus lena n-úsáid san iompar amach anseo agus chun leictreachas agus teas a tháirgeadh. Tá coinne leis go méadófar an éifeachtúlacht fuinnimh mar gheall ar infheistíochtaí substaintiúla san athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha, agus ar an soilsiú sráide. Tá coinne leis go gcuirfidh athchóirithe agus infheistíochtaí go mór le dul chun cinn na gcuspóirí dícharbónaithe agus aeráide a leagtar amach i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na Bulgáire agus sa straitéis fhadtéarmach maidir le dícharbónú. Áirítear leis sin spriocanna ceangailteacha chun na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a bhaineann le giniúint leictreachais a laghdú 40 % faoi bhun leibhéil 2019, ar spriocanna iad atá le baint amach ar a dhéanaí in 2025, agus reachtaíocht maidir le dícharbónú, lena n-áirítear féilire le haghaidh deireadh a chur de réir a chéile le gléasraí cumhachta guail agus ligníte agus uasteorainn rialála ar a n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a bheidh infheidhme ón 1 Eanáir 2026. Ina theannta sin, tacaíonn an plan leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe le hathchóiriú ar chur chun cinn na soghluaisteachta leictreice agus go leor infheistíochtaí arb é is aidhm leo an t-iompar poiblí a nuachóiriú agus a dhigitiú trí rothstoc saor ó astaíochtaí a fháil, trí Chóras Eorpach um Bainistiú Tráchtála Iarnróid a imscaradh agus deighleog nua den mheitreo a thógáil i Sóifía, rudaí a bhfuil coinne leis go gcuirfidh siad le dícharbónú na hearnála iompair. Leis na bearta sábháilteachta ar bhóithre a áirítear sa phlean, ba cheart rannchuidiú leis an iompar a dhéanamh níos inbhuanaithe trí aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht agus ar tharraingteacht an iompair chomh maith trí bhaill dhubha/bhaill theo na sábháilteachta ar bhóithre a laghdú.
- (29) Rannchuidíonn an plan freisin le cuspóirí beartais chomhshaoil an Aontais amhail an bainistiú uisce a fheabhsú, an talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn, agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú. Sa phlean tá athchóirithe agus infheistíochtaí sa soláthar uisce agus seirbhísí séarachais, lena n-áirítear an bainistiú uisce a nuachóiriú agus a dhigitiú agus an rialú ar úsáid uisce a fheabhsú. Leis na bearta atá tiomnaithe d'éiceachórais agus gnáthóga nádúrtha a chosaint agus a athshlánú, tá coinne leis go rannchuideofar le struchtúir bhainistíochta éifeachtacha Natura 2000 a thógáil sa tír chomh maith le hathshlánú a dhéanamh ar éiceachórais a bhfuil baint acu leis an aeráid, agus an bhithéagsúlacht a chosaint. Le hathchóirithe agus infheistíochtaí, lena

n-áirítear díriú mar spriocanna ar bhainistiú agus ar chosaint acmhainní comhshaoil agus nádúrtha i réimse na talmhaíochta inbhuanaithe agus aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch earnáil talmhaíochta na Bulgáire a chur chun cinn, dírithe ar bhainistiú inbhuanaithe agus iomaíochas na hearnála a fheabhsú i gcomhthéacs an aistrithe ghlais. Leis na bearta sin ba cheart tionchar marthanach plean na Bulgáire ar an aistriú glasa a áirithiú, lena n-áirítear an tionchar ar an mbithéagsúlacht agus ar chosaint an chomhshaoil.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

- (30) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 25,8 % de leithdháileadh iomlán an plean arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (31) Tá an plean dírithe go mór ar an aistriú digiteach, le bearta a áirítear sna comhchodanna trí chéile, rud a léiríonn nádúr leathan agus trasearnálach na n-iarachtaí digitithe atá beartaithe. Le hinfeistíochtaí agus athchóirithe nach beag maidir leis an nascacht dhigiteach, ba cheart cumhdach na líonraí fíor-ardachmhainne a mhéadú i limistéir thuaithe agus i limistéir inar tearc an daonra atá tite ar gcúl ó thaobh an chuimsithe dhigitigh de agus ba cheart go gcruthófaí timpeallacht fhabhrach d'imscairí líonraí 5G agus bonneagar digiteach. Áirítear sa phlean freisin pacáiste cuimsitheach athchóirithe agus infheistíochtaí lena ndírítear ar thacaíocht a thabhairt do ríomhrialtas agus digitiú an riaracháin phoiblí agus na mbreithiúna a fhorbairt, rud a rannchuidíonn leis an ualach riaracháin ar shaoránaigh agus ar ghnólaíochtaí a laghdú agus le cáilíocht agus éifeachtacht na seirbhísí poiblí a mhéadú i réimsí amhail an ceartas, an tsláinte, an talmhaíocht agus an comhshaoil, cultúr, fostaíocht agus cosaint shóisialta. Tacaíonn an plean freisin le digitiú na n-earnálacha iompair agus fuinnimh agus, ar an gcaoi sin, rannchuidíonn sé lena ndíchárbónú de réir a chéile. Maidir leis an earnáil phríobháideach, ba cheart cuidiú a bheith sna hinfeistíochtaí maidir le claochlú digiteach na bpróiseas gnó agus méadú na n-acmhainní cibearshlánda lena n-éifeachtúlacht agus a dtáirgiúlacht a fheabhsú. Thairis sin, tá coinne leis go gcuirfidh teicneolaíochtaí digiteacha agus bonneagar digiteach feabhas ar chumas nuálaíochta na Bulgáire, agus béim ar leith á leagan ar theicneolaíochtaí glasa agus digiteacha. Ina theannta sin, ba cheart rochtain a bheith ag roinnt ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde ar an nascacht fhíorghasta a theastaíonn chun páirt a ghlacadh i líonraí taighde Eorpacha.
- (32) Tosaíocht eile a dtacaíonn an plean leis ná leibhéal scileanna digiteacha an phobail a mhéadú, lena n-áirítear trí athchóirithe agus infheistíochtaí spriocdhírithe sa chóras oideachais, amhail saotharlanna ETIM a bhunú i scoileanna, agus infheistíocht a dhéanamh chun feabhas a chur ar infhostaitheacht an lucht saothair trí scileanna digiteacha a fheabhsú.

Tionchar marthanach

- (33) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar marthanach mór (Rátáil A) ag an plean ar an mBulgáir.

- (34) Tá coinne leis go mbeidh torthaí fadtéarmacha ar na hathchóirithe atá beartaithe sa phlean agus go dtiocfaidh athruithe struchtúracha marthanacha astu. Go háirithe, na hathchóirithe atá beartaithe a bhfuil sé d'aidhm acu an t-aistriú glas agus digiteach a chothú, na hathchóirithe cuimsitheacha ar na córais oideachais agus oiliúna, agus an t-athchóiriú ar éiceachóras an taighde agus na nuálaíochta, tá coinne leis go mbeidh tionchar marthanach acu ar gheilleagar na Bulgáire trí scileanna a neartú le haghaidh mhargadh an tsaothair agus trí tháirgiúlacht agus fás inbhuanaithe fadtéarmach a chothú. Leis na hathchóirithe ar chúram sláinte, ar sheirbhísí sóisialta, lena n-áirítear cúram fadtéarmach, agus ar an scéim ioncaim íosta, tá coinne leis go gcuirfear feabhas marthanach ar chórais cúraim sláinte agus cosanta sóisialta na Bulgáire maidir le cuimsitheacht, leordhóthanacht agus éifeachtacht.
- (35) Le cur chun feidhme na n-athchóirithe atá beartaithe sa phlean, go háirithe na hathchóirithe ar an gcreat institiúideach agus ar an smacht reachta, tá coinne leis go ndéanfar athruithe struchtúracha ar an riarachán poiblí agus ar na hinstitiúidí poiblí, agus go gcuirfear feabhas marthanach ar fheidhmiú agus ar chumas riaracháin na n-eintiteas sin. Áirítear sa phlean athchóirithe tábhachtacha ar an gcóras breithiúnach chun éifeachtacht na n-imscrúduithe coiriúla a áirithiú, lena n-áirítear cuntasacht agus dliteanas coiriúil an Ionchúisitheora Ghinearálta, méadú an chumais dul i ngleic leis an éilliú sa bhreithiúnacht chomh maith le feabhas a chur ar chumas na gcomhlachtaí frith-éillithe, ionracas na seirbhíseach poiblí agus éifeachtúlacht na n-údarás maoirseachta frithsciúrtha airgid. Ba cheart iarrachtaí athchóirithe a bheith dírithe freisin ar rialachas na bhfiontar atá faoi úinéireacht an stáit a fheabhsú, ar thrédhearcacht agus iomaíocht a mhéadú sa phróiseas soláthair phoiblí, ar cháilíocht an phróisis reachtaigh a fheabhsú agus ar shásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú. Thairis sin, tá athchóirithe agus infheistíochtaí sa phlean a bhfuil coinne leis go n-úsáidfí siad poitéinseal na seirbhísí ríomhrialtais agus na seirbhísí poiblí digiteacha agus, ar an gcaoi sin, go méadófar éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí go marthanach. Is é is aidhm don phlean feabhas a chur ar an gcumas riaracháin le haghaidh pleanáil straitéiseach agus cur chun feidhme na mbeartas tosaíochta.
- (36) Tá go leor athchóirithe agus infheistíochtaí sa phlean a bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar marthanach acu trí thacaíocht a thabhairt don aistriú glas agus digiteach, agus béim á leagan ar gheilleagar cliste inbhuanaithe. Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí suntasacha atá san áireamh sa phlean, d'fhéadfaí cur le dícharbónú an gheilleagair trí thacaíocht a thabhairt d'úsáid mhéadaithe a bhaint as giniúint agus stóráil an fhuinnimh in-athnuaite, trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, trí chur le soghluaisteacht inbhuanaithe bóithre agus iarnróid mar aon le talmhaíocht inbhuanaithe agus bainistiú acmhainní uisce. Infheistíochtaí lena gcothaítear sealbhú scileanna digiteacha, digitiú na hearnála poiblí, gnólachtaí agus eagraíochtaí taighde agus infheistíochtaí sa nascacht dhigiteach, tá coinne leis go gcuirfí siad go marthanach le héifeachtúlacht na n-earnálacha sin. Ina theannta sin, áirítear sa phlean infheistíochtaí chun tacú le gnólachtaí le linn an dá aistriú agus chun fás cliste agus inbhuanaithe a spreagadh.
- (37) Is féidir tionchar marthanach an PTA a fheabhsú freisin trí shineirgí idir an plean agus cláir eile, lena n-áirítear na cláir sin a mhaoinítear le cistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe trí aghaidh a thabhairt go substaintiúil ar dhúshláin chríochacha atá fadbhunaithe agus trí fhorbairt chothrom a chur chun cinn.

Faireachán agus cur chun feidhme

- (38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na clocha míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.
- (39) Is í Stiúrthóireacht Chiste Náisiúnta na hAireachta Airgeadais an comhlacht atá freagrach as sonraí ar dhul chun cinn a bhailiú agus a thuairisciú agus as iarrataí ar íocaíocht a ullmhú agus a chur isteach agus íocaíochtaí a fháil ón gCoimisiún. Gníomhóidh sé freisin mar phointe lárnach ar an leibhéal náisiúnta maidir le rialacha coiteanna agus nósanna imeachta coiteanna a ullmhú le haghaidh chur chun feidhme na Saoráide, chun na seiceálacha agus na rialuithe a dhéanamh ar chur chun feidhme infheistíochtaí agus athchóirithe, lena n-áirítear faireachán gníomhach a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart ar bhonn na gcloch mhíle agus na spriocanna. Beidh Stiúrthóireacht an Aonaid Comhordúcháin Lárnaigh san Aireacht Airgeadais freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chlocha míle agus spriocanna an phlean, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le comhtháscairí, rannchuidiú glas agus digiteach infheistíochtaí etc. Tá sé de chúram uirthi freisin creat straitéiseach a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide maidir le cur chun feidhme an phlean agus le haghaidh riar, cothabháil agus uasghrádú na gcóras TF le haghaidh cláir atá faoi bhainistíocht chomhroinnte leis an Aontas agus faoin tSaoráid. Is í Stiúrthóireacht Bheartais Eacnamaíoch agus Airgeadais na hAireachta Airgeadais an t-údarás atá freagrach as tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme chlocha míle agus spriocanna an phlean laistigh de thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh. Tá an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iniúchóireacht ar Chistí AE, ar gníomhaireachta í atá ceangailte leis an Aireacht Airgeadais, freagrach as iniúchóireacht agus rialú faoin tSaoráid a chur chun feidhme. Tá na freagrachtaí seo a leanas faoi shainchúram an chomhlachta freisin: fíorú ar iontaofacht na sonraí maidir le cur chun feidhme na gcloch mhíle agus ar an gcaoi a mbailítear iad; dearbhú a thabhairt go gcoisctear cistiú dubailte, calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa i gcur chun feidhme an phlean agus go n-urramaítear prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais.
- (40) Sainítear sa phlean clocha míle agus spriocanna le haghaidh na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí uile agus tá sé i gcomhréir leis na cuspóirí fadtéarmacha atá á saothrú sa phlean. Na táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla atá beartaithe agus a úsáidtear le haghaidh clocha míle agus spriocanna, tá siad soiléir, láidir agus cuimsitheach go leor chun a áirithiú gur féidir a dtabhairt i gcrích a fhíorú agus a rianú. Léiriú é líon na gcloch mhíle agus na spriocanna ar an líon mór beart agus fobheart atá ann chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtúil an phlean a áirithiú. Tá clocha míle agus spriocanna go hábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe de bhun Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ceanglaítear na clocha míle agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh eisíocaíochta.
- (41) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear tacaíocht airgeadais faoin tSaoráid in iúl agus go n-aithnítear í i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfar tacaíocht theicniúil a iarraidh faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a

bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

Costáil

- (42) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar sa phlean maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an réasúnú sin meánach maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.
- (43) Sholáthair an Bhulgáir costais mheasta aonair do na bearta go léir atá sa phlean ar bearta iad a ghinfidh caiteachas. Chuir an Bhulgáir faisnéis shoiléir leordhóthanach ar fáil i gcoitinne chun údar cuí a thabhairt leis na meastacháin ar chostais a bhaineann le gach ceann de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa phlean, ar an leibhéal fo-infheistíochta i gcás inar gá. Is leor an fhianaise a sholáthair an Bhulgáir le teacht ar an gconclúid go bhfuil méid na gcostas measta iomlán atá sa phlean réasúnta agus sochreidte, toisc go bhfuil na méideanna iomchuí agus i gcomhréir le nádúr agus cineál na n-athchóirithe agus na n-infheistíochta atá beartaithe. I gcás fhormhór na mbeart, cuirtear ar fáil na ríomhanna a bhaineann leis na meastacháin ar chostais, agus tá na ríomhanna sin soiléir agus intuigthe den chuid is mó. I gcás beart áirithe, d'fhéadfaí tuilleadh sonraí a chur ar fáil chun an bealach ar ríomhadh an buiséad deiridh a mhíniú. Maidir le bearta atá bunaithe ar an éilimh (amhail infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, nó cláir thacaíochta do ghnólachtaí), cuireadh san áireamh tagairt do chur i bhfeidhm iomlán an bhuiséid, agus, i gcás inarb iomchuí, do líon na dtairbhíthe a bhfuil coinne leis. I gcás fhormhór na mbeart, chuir an Bhulgáir faisnéis ar fáil maidir le costas beart den chineál céanna a rinneadh san am a chuaigh thart pé uair a bhí siad ar fáil. I gcás nach raibh an fhaisnéis sin ar fáil, mar shampla i gcás tionscadal nua, chuir an Bhulgáir praghsanna luaite ar fáil nó, i gcásanna áirithe, faisnéis faoi phraghsáil ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Go ginearálta, tá costas measta na mbeart atá sa phlean comhsheasmhach le bearta comhchosúla, lena n-áirítear infheistíochtaí arna gcistiú ag cláir eile de chuid an Aontais, má tá siad ar fáil. Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Bulgáire um Iniúchóireacht ar Chistí Eorpacha, rinne sí athbhreithniú ar na meastacháin ar chostais atá i bplean na Bulgáire, plean ina maítear go bhfuil na meastacháin ar chostais iomlán, réasúnta agus sochreidte de réir bhrí Rialachán (AE) 2021/241, agus nach bhfuil aon fhoinsé eile cistiúcháin acu. Sholáthair an Bhulgáir faisnéis agus fianaise leordhóthanach nach bhfuil méid chostais measta iomlán an phlean atá le maoiniú faoin tSaoráid cuimsithe le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costais iomlán measta an phlean i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta náisiúnta a bhfuil coinne leis.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

- (44) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean, is leormhaith (Rátáil A) iad chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a

³ Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus tá coinne leis go ndéanfaidh siad cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴.

- (45) An córas rialaithe inmheánaigh a bhfuil tuairisc air sa phlean, tá sé bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre, agus sainaithnítear ann gníomhaithe soiléire agus na ról agus na freagrachtaí atá acu i ndáil le feidhmiú na gcúraimí rialaithe inmheánaigh. Leis an gcóras rialaithe inmheánaigh agus socruithe ábhartha eile, lena n-áirítear bailiú agus foilsiú sonraí faoi fhaighteoirí deiridh, tá coinne leis go ndéanfaidh siad éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú nuair a bhíonn cistí á n-úsáid faoi Rialachán (AE) 2021/241 agus go seachnófar cistiú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi chláir eile de chuid an Aontais. Tá stórchóras chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean le cur ar bun agus le bheith ag feidhmiú faoin tráth a dhéanfar an chéad iarratas ar íocaíocht. Le cloch mhíle, ba cheart a áirithiú go n-áireofar sa chóras na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad: (a) sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar bhaint amach cloch míle agus spriocanna agus (b) bailiú agus stóráil na sonraí a éilítear le hAirteagal 22(2), pointe (d)(i) go (iii) a áirithiú, mar aon le rochtain ar na sonraí sin a áirithiú.
- (46) Ba cheart bearta sonracha a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha a bhaineann le calaois, coinbhleacht leasa, éilliú agus maoiniú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú. Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir le hacmhainneacht riaracháin na gcomhlachtaí a dhéanfaidh faireachán ar phlean na Bulgáire agus mar aon lena rialú agus a chur chun feidhme, chomh maith leis na comhlachtaí sin a dhéanfaidh gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugtar faisnéis sa phlean freisin maidir le sainordú dlíthiúil na gcomhlachtaí éagsúla. I gcomhréir le hAirteagal 20(5), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241, is éard atá i gcloch mhíle maidir le measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht riaracháin na n-údarás freagrach agus ar riachtanais acmhainneachta, beart is gá chun Airteagal 22 den Rialachán sin a chomhlíonadh agus ba cheart sin a chomhlíonadh roimh an gcéad iarraidh ar íocaíocht mar réamhchoinníoll le haghaidh aon eisíocaíocht faoin tSaoráid. Ina theannta sin, ba cheart go n-éileofaí le cloch mhíle go dtiocfadh an Gníomh lena bhformheastar an córas Bainistíochta agus Rialúcháin i bhfeidhm agus gur cheart an chloch mhíle sin a chomhlíonadh freisin sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh ar íocaíocht mar réamhchoinníoll le haghaidh aon eisíocaíocht faoin tSaoráid.

Comhleanúnachas an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta

- (47) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear go mór sa phlean (Rátáil A) bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha agus tionscadal infheistíochta poiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

- (48) Tá an phlean bunaithe ar cheithre cholún chomhleanúnacha a thacaíonn le téarnamh gheilleagar na Bulgáire, leis an rannchuidiú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus leis an athléimneacht fheabhsaithe i dtreo fáis níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí. Tá gach colún bunaithe ar chomhchodanna ina n-áirítear pacáistí comhsheasmhacha d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí comhlántacha a threisíonn a chéile agus a chomhlánaíonn a chéile. Le teacht i bhfeidhm na n-athchóirithe go luath in amlíne an phlean, áirithítear timpeallacht thacúil chun infheistíochtaí a chur i gcrích, rud a chuireann le cuspóirí na n-athchóirithe. Ar leibhéal an phlean, saothraíonn na colúin uile cuspóirí comhlántacha agus tá gníomhaíochtaí comhleanúnacha i gceist leo. Ní léiríonn an phlean neamhréireachtaí ná contrárthachtaí idir colúin agus comhchodanna. Sna colúin uile faoin bplean, déantar foráil maidir le bearta lena dtreiseofar na hiarmhairtí ar an aistriú glas. Ina theannta sin, le réitigh dhigiteacha a áirítear ar fud an phlean, go háirithe, in earnáil an iompair agus in earnáil an fhuinnimh, tá coinne leis go gcuirfear le dícharbónú an gheilleagair, agus go gcuirfear fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach chun cinn. Tá coinne leis go mbeidh bearta chun tacú le gnólachtaí ina gcuidiú leis an aistriú dubailte a chothú, is é sin an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Thairis sin, bearta a rannchuidíonn le timpeallacht ghnó fheabhsaithe, tacaíonn siad leis na hinfeistíochtaí uile a áirítear sa phlean, agus an tráth céanna tá coinne leis go ndéanfaidh infheistíochtaí agus athchóirithe san oideachas agus i scileanna an t-aistriú digiteach a chothú, mar aon leis an taighde agus an nuálaíocht.
- (49) Aithnítear an gá atá le comhlántachtaí córasacha a bhunú le cistiú beartais comhtháthaithe agus cuirtear samplaí i láthair sna comhchodanna. Tá dóthain forbartha déanta ar línte teorann agus ba cheart iad a chur san áireamh freisin chun an comhaontú comhpháirtíochta agus cláir an bheartais chomhtháthaithe a thabhairt i gcrích.

An Comhionannas

- (50) Sa phlean, tá bearta a bhfuil coinne leis go gcabhróidh siad leis an mBulgáir aghaidh a thabhairt ar na dúshlán i réimse an chomhionannais inscne agus comhdheiseanna do chách, lena n-áirítear bearta lena ndírítear ar fhorbairt phearsanta daoine óga ó ghrúpaí leochaileacha, cuir i gcás Romaigh, soghluaisteacht agus deiseanna do mhaireachtáil neamhspleách daoine faoi mhíchumas, agus cáilíocht saoil daoine scothaosta. Áirítear sa phlean freisin bearta atá dírithe ar rochtain chomhionann ar chúram sláinte agus ar oideachas a chur chun cinn, lena n-áirítear infheistíochtaí i naíonraí, ar bearta iad sin a bhfuil impleachtaí acu do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Sa phlean, geallann an Bhulgáir a áirithiú go gcosnófar urraim don chomhionannas inscne agus don chomhionannas do chách ag gach céim d'ullmhúchán agus de chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe.

Féinmheasúnú slándála

- (51) Chuir an Bhulgáir féinmheasúnú slándála ar fáil le haghaidh infheistíochtaí in acmhainneachtaí digiteacha agus sa nascacht, i gcomhréir le hAirteagal 18(4), pointe (g) de Rialachán (AE) 2021/241. Ar fud an phlean, tá roinn ann i neart comhchodanna ina mínítear gur chloígh na bearta le huathriail straitéiseach oscailte agus le saincheisteanna slándála an Aontais.

An próiseas comhairliúcháin

- (52) Tá tuairisc sa phlean go ndeachaigh an Bhulgáir i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, údaráis réigiúnacha agus áitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lucht gnó agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ag na céimeanna tosaigh d'ullmhúchán an phlean. Bhí an chéad dréacht den phlean faoi réir comhairliúchán poiblí inar bailíodh os cionn 90 seasamh ó pháirtithe leasmhara, rud a bhí ina bhonn do na hathbhreithnithe a rinneadh ina dhiaidh sin ar an bplean. Diríodh níos mó ar an gcomhairliúchán ag na céimeanna ina dhiaidh sin, agus ba iad na comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe sonracha eanála a bhí páirteach den chuid is mó. Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé rithabhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa phlean.

Measúnú dearfach

- (53) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir le plean na Bulgáire agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart go leagfaí amach leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean a chur chun feidhme, na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean.

Ranníocaíocht airgeadais

- (54) Is é costas iomlán measta phlean na Bulgáire BGN 13 491 125 932, arb ionann é agus EUR 6 897 903 157 ar bhonn ráta tagartha EUR BGN an Bhainc Ceannais Eorpaigh an 15 Deireadh Fómhair 2021. Ós rud é go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 go sásúil agus, ina theannta sin, ós rud é go bhfuil méid chostais measta iomlána an phlean níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil i gcás na Bulgáire, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear le haghaidh phlean na Bulgáire a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil i gcás na Bulgáire.
- (55) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, déanfar ríomh na ranníocaíochta uasta airgeadais don Bhulgáir a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022. Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 23(1) den Rialachán sin, ba cheart méid nach mó ná an ranníocaíocht uasta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (a), den Rialachán sin a chur ar fáil don Bhulgáir anois le haghaidh gealltanais dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. I gcás inar gá tar éis nuashonrú a dhéanamh ar an ranníocaíocht uasta airgeadais, ba cheart don Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, an Cinneadh seo a leasú chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Rialachán sin, a chur leis gan moill mhíchuí.
- (56) An tacaíocht atá le soláthar, déanfar í a mhaoiniú trí iasachtaí a gheobhaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais ar bhonn Airteagal 5 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle⁵. Ba cheart an tacaíocht a íoc i dtráthchodanna a luaithe a

⁵ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

bheidh na clocha míle agus spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an phlean comhlíonta go sásúil ag an mBulgáir.

- (57) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagal 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean na Bulgáire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

Airteagal 2

Ranníocaíocht airgeadais

1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Bhulgáir i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta arb ionann í agus EUR 6 267 312 124⁶. Beidh méid EUR 4 636 043 337 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. Más é atá mar thoradh ar an nuashonrú dá bhforáiltear in Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241 ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh na Bulgáire arb ionann í agus EUR 6 267 312 124, nó ar mó ná sin í, beidh méid breise EUR 1 631 268 787 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023. Más é atá mar thoradh ar an nuashonrú dá bhforáiltear in Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241 ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh na Bulgáire is lú ná EUR 6 267 312 124, beidh an difríocht idir an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe agus méid EUR 4 636 043 337 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 20(8) de Rialachán (AE) 2021/241 ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.
2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Bhulgáir i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.
3. Maidir le tráthchodanna a scaoileadh i gcomhréir leis an gcomhaontú maoinithe, beidh sé sin ar choinníoll an chistithe a bheidh infhaighte agus ar choinníoll cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE)

⁶ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach Phoblacht na Bulgáire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

2021/241, go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha arna sainaitheint maidir le cur chun feidhme an phlean comhlíonta go sásúil ag an mBulgáir. Chun a bheith incháilithe d'íocaíocht, comhlánóidh an Bhulgáir na clocha míle agus na spriocanna tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026, faoi réir theacht i bhfeidhm na ngealltanas dlíthiúil dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 3
Seolai

Is chuig Poblacht na Bulgáire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán